# 20 Maoiniú deontais do mhoil chianoibre

**20.1** Is áitribh iad moil chianoibre a chuireann áiseanna, seirbhísí agus tacaíochtaí comhroinnte ar fáil d’oibrithe oifige, mar rogha eile seachas obair i dtimpeallacht oifige traidisiúnta nó obair ón mbaile.

**20.2** In 2018, cuireadh tús le tionscadal DigiWest Hub chun roinnt mol cianoibre tuaithe a bhí ann cheana ar fud Ros Comáin, Dhún na nGall, Mhaigh Eo agus Shligigh a nascadh. Mhaoinigh an Roinn Forbartha Tuaithe, Pobail agus Gaeltachta (an Roinn) an tionscadal agus bhainistigh Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) é i gcomhar leis na húdaráis áitiúla faoi seach.[1] Ar leithligh ó thionscadal DigiWest Hub, bhí roinnt mol cianoibre á bhfeidhmiú ag Údarás na Gaeltachta i gceantair Ghaeltachta na Gaillimhe agus Dhún na nGall, roimh 2021.[2]

**20.3** Tá tiomantas sa bheartas náisiúnta um fhorbairt tuaithe 2021 – 2025 chun líonra náisiúnta de 400 mol cianoibre a bhunú faoi dheireadh 2025.[3] In 2021, leathnaíodh tionscadal DigiWest Hub le bheith mar bhunús le líonra náisiúnta de mhoil chianoibre, ar a dtugtar an líonra Moil Nasctha.

## Fócas an scrúdaithe

**20.4** Tugadh faoin imscrúdú seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhlíontacht leis an gcreat maoinithe atá i bhfeidhm chun moil chianoibre a sheachadadh agus a oibriú.

**20.5** Bhuail an fhoireann imscrúdaithe le foireann ón Roinn, ó WDC agus ó Údarás na Gaeltachta, rinne siad athbhreithniú ar dhoiciméadacht ábhartha agus thug siad cuairt ar shampla de dheich mol cianoibre mar chuid den imscrúdú.

## An Líonra Moil Nasctha

**20.6** Bainistíonn WDC an tionscadal Moil Nasctha i gcomhar leis an Roinn. I lár mhí Lúnasa 2025, bhí 392 mol aonair tugtha le chéile aige faoi bhranda comhroinnte, agus é mar aidhm acu tairbhí féideartha mhol cianoibre náisiúnta a uasmhéadú. Níl aon ról ag an Roinn ná ag WDC i dtógáil, bainistiú nó oibriú laethúil na mol aonair ar an líonra.

**20.7** Iarrtar ar mhoil ar mian leo a bheith mar chuid den líonra Moil Nasctha sraith ceisteanna a chomhlánú ar líne.[4] Ansin pléann WDC go díreach leis an mol lena chinntiú go gcomhlíontar riachtanais uile bhallraíocht an líonra, agus go gcothaítear rialú cáilíochta. Má mheastar nach bhfuil mol réidh le bheith mar bhall den líonra, tacaíonn WDC leis an mol chun na feabhsúcháin riachtanacha a chur i bhfeidhm chun an caighdeán a theastaíonn a bhaint amach.

1 Gníomhaireacht reachtúil is ea Coimisiún Forbartha an Iarthair atá ag feidhmiú faoi choimirce na Roinne.

2 Is é Údarás na Gaeltachta an ghníomhaireacht forbartha Stáit a bhfuil freagracht air as forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha cheantair Ghaeltachta (ceantair ina labhraítear Gaeilge) na hÉireann.

3 *Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann: Beartas Forbartha Tuaithe 2021-2025.*

4 Baineann na ceisteanna le hábhair amhail cineál moil, samhail úinéireachta, líon na bhfostaithe, áiseanna TF, seirbhís leathanbhanda, srl.

**20.8** I gcreat chúig chatagóir do mhoil, arna fhorbairt ag WDC, aicmítear na moil i dtéarmaí áiseanna breise a chuirtear ar fáil (féach Fíor 20.1).

- ***Mol taighde agus forbartha*** – tacaíonn sé le céimeanna luatha taighde agus forbartha do tháirgí agus seirbhísí nua le rochtain bhreise ar shaotharlanna, srl.
- ***Mol fiontair*** – tacaíonn sé le gnólachtaí nuathionscanta agus d'fheadfadh sé imeachtaí a óstáil chun fiontraithe a nascadh.
- ***Mol scálaithe*** – tacaíonn sé le gnólachtaí nuathionscanta trí na céimeanna scálaithe agus infheistíochta, chun fás agus forbairt onnmhairithe a bhaint amach. D'fhéadfadh sé imeachtaí agus cláir fiontraíochta a óstáil.
- ***Mol oibre comhionaid*** – cuireann sé oifigí príobháideacha, deasca, seomraí cruinnithe agus spásanna imeachta ar fáil ach ní chuireann sé tacaíocht ghnó ar fáil.
- ***Mol pobail agus fiontair*** – cuireann sé seirbhísí pobail ar fáil, agus freisin cuireann sé spás oifige, deasca sealaíochta/tiomnaithe agus seomraí cruinnithe ar fáil, a chuireann ioncam ar fáil don phobal.

**20.9** Bainistíonn WDC an t-ardán ar líne connectedhubs.ie a seoladh i mí Bealtaine 2021.[1] Cuireann an t-ardán córas láraithe ar fáil d'oibrithe cianda chun na seirbhísí cianoibre éagsúla sna moil ar an líonra a chuardach, a chur in áirithe agus a íoc ar líne.[2] Go ginearálta, féadfaidh úsáideoirí mol úsáid áiseanna a chur in áirithe agus a íoc go díreach leis na moil freisin.[3]

**20.10** Taifeadann WDC an líon foriomlán áirithintí a dhéantar tríd an ardán Moil Nasctha agus tuairiscíonn siad an figiúr sin gach coicís don Roinn. Ní thuairiscíonn siad ar áirithintí ardáin de réir suíomh an mhoil, agus ní thaifeadann siad ná ní thuairiscíonn siad ar áirithintí a dhéantar lasmuigh den ardán.

**20.11** Áirítear 26 mol gteic (nó Gréasán Digiteach na Gaeltachta) sa líonra Moil Nasctha i réigiúin Ghaeltachta. Tá cúig mhol gteic eile a oibríonn lasmuigh den líonra Moil Nasctha. Luaigh Údarás na Gaeltachta go bhfuil siad i mbun foireann tiomnaithe a earcú chun na moil gteic a bhainistiú.[4]


1 Chuir an Roinn €2.9 milliún ar fáil i maoiniú oibríochtúil don WDC chun an líonra a bhainistiú agus an t-ardán ar líne a fheidhmiú idir 2021 agus 2024.

2 Nuair atá áirithint á déanamh, tá sé de rogha ag úsáideoirí íoc le cárta creidmheasa nó dochair, Apple Pay nó Google Pay.

3 Roghnaigh díreach os cionn aon trian de na moil ar an líonra gan leas a bhaint as áis áirithinte láraithe an ardáin. Sna cásanna sin, ní mór gach áirithint agus íocaíocht a dhéanamh go díreach leis na moil.

4 Tá na cúig mhol gteic a oibríonn lasmuigh den líonra Moil Nasctha lonnaithe sa Chlochán Liath, i nGaoth Sáile, ar Árainn, ar Oileán Cléire agus i Ráth Chairn.

**Fíor 20.1 Suíomhanna líonra Moil Nasctha amhail Lúnasa 2025**




Foinse: An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta

## Scéimeanna tacaíochta caipitil

**20.12** Feidhmíonn an Roinn roinnt scéimeanna tacaíochta caipitil lena n-áirítear áiseanna cianoibre a fhorbairt i measc raon míreanna atá incháilithe do thacaíocht.

- Tugadh isteach an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte in 2016 agus ba í an aidhm fhoriomlán a bhí aici ná bailte agus sráidbhailte na hÉireann a athbheochan agus bainistíonn údaráis áitiúla í thar ceann na Roinne. I measc na dtionscadal a maoiníodh, tá áiteanna cónaithe folmha a thabhairt ar ais in úsáid mar spásanna pobail ilchuspóireacha chun áiseanna cianoibre a chur ar fáil.
- Tiomantas atá sa Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe chun €1 bhilliún a infheistiú i gceantair thuaithe na hÉireann le linn na tréimhse 2019 – 2027. Infheistíonn an ciste i dtionscadail straitéiseacha a thacaíonn le cruthú fostaíochta agus a thugann aghaidh ar bhánú pobal tuaithe.
- Tacaíonn clár LEADER le fiontair phríobháideacha agus le grúpaí pobail a fheabhsaíonn caighdeán na beatha agus gníomhaíocht eacnamaíoch i gceantair thuaithe. Déanann grúpaí gníomhaíochta áitiúla an clár a sheachadadh in 28 foréigiún ar fud na tíre.[1]

**20.13** Leagtar amach i Fíor 20.2 na leithdháiltí maoinithe ó 2020 go 2024 i ngach réimse de scéimeanna caipitil leanúnacha na Roinne do thionscadail lena n-áirítear áis chianoibre.

**20.14** Tá go leor de na tionscadail a mhaoinítear faoi na scéimeanna leathan agus ilfheidhmeach, agus cuimsítear leo roinnt seirbhísí (m.sh. ionad óige, ionad pobail, áiseanna cianoibre) laistigh den áis chéanna. Dá thoradh sin, luaigh an Roinn nach féidir méideanna caiteachais a dhéanamh amach a bhaineann go sonrach le forbairt áiseanna cianoibre.

**Fíor 20.2 Leithdháiltí maoinithe do thionscadail chaipitil lena n-áirítear gné chianoibre, 2020 – 2024**

| Bliain | 2020<br>€m | 2021<br>€m | 2022<br>€m | 2023<br>€m | 2024<br>€m | Iomlán<br>€m | Líon iomlán na dtionscadal |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte[a] | 2.5 | 7.7 | 3.2 | — | — | **13.4** | **88** |
| An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe[b] | 6.0 | 39.2 | 88.3 | — | 87.8 | **221.3** | **65** |
| Clár LEADER | 0.7 | 0.6 | 0.5 | 0.1 | — | **1.9** | **30** |
| **Iomlán** | **9.2** | **47.5** | **92.0** | **0.1** | **87.8** | **236.6** | **183** |

Foinse: An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta

Nótaí: a Ní raibh áis chianoibre in aon cheann de na tionscadail a cistíodh faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte in 2023. Ní raibh aon ghlao maoinithe faoin Scéim in 2024.

b Ní raibh aon ghlao maoinithe in 2023 faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe.

1 Is iondúil go n-áirítear comhpháirtithe poiblí agus príobháideacha i ngrúpaí gníomhaíochta áitiúla. D'fhéadfaí a áireamh ar bhaill ghrúpa baill thofa agus oifigigh na n-údarás áitiúil, leasanna gnó, ionadaithe ón earnáil phobail agus dheonach, agus leasanna feirmeoireachta, srl.

## Maoiniú do Mhoil Nasctha

**20.15** Dhírigh an t-imscrúdú seo ar anailís ar thionscnamh maoinithe tiomnaithe, faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, chun tacú le hacmhainneacht bhreise chianoibre a fhorbairt.

### *An chéad ghlao ar iarratais*

**20.16** I mí Aibreáin 2021, sheol an Roinn glao ar iarratais mhaoinithe, le buiséad €5 mhilliún, chun tacú le hacmhainneacht bhreise chianoibre a chruthú agus chun áiseanna agus seirbhísí reatha a fheabhsú agus a threisiú.[1] Bhí an glao maoinithe oscailte do gach mol reatha agus pointe nasctha leathanbhanda (BCPanna).[2]

**20.17** Bhí maoiniú caipitil ar fáil d'oibreacha incháilithe lena n-áirítear leathnú mol, agus suiteáil bothanna príobháideacha, rialú rochtana agus córais slándála. Áiríodh ar ghníomhaíochtaí incháilithe eile tiontú spás plean oscailte reatha ina oifigí modúlacha, agus soláthar áiseanna closamhairc, líonraithe agus comhdhála feabhsaithe. Mhaoinigh deontais bearta chun cuidiú le moil le dúshláin a bhain le COVID-19 freisin.

**20.18** Ba é €10,000 an t-íosdeontas a bhí ar fáil in aghaidh an mhoil/BCP. Ba é €75,000 an t-uasdeontas do thionscadal a bhaineann le mol/BCP aonair. Maidir le hiarratais ilmhol a bhaineann le cúig mhol nó níos mó, ba €250,000 an t-uasdeontas.

**20.19** Méadaíodh an buiséad ina dhiaidh sin agus ar deireadh bronnadh iomlán de bheagnach €9 milliún i maoiniú ar 118 iarratasóir.

### *An dara glao ar iarratais*

**20.20** I mí Feabhra 2022, sheol an Roinn an dara glao ar iarratais, le buiséad €5 mhilliún, le tacú le forbairt bhreise ar an líonra Moil Nasctha. Bhí raon feidhme na n-oibreacha incháilithe cosúil leis an gceann i nglao 2021 le roinnt bheag míreanna breise amhail soláthar stiúideonna podchraolta.

**20.21** Ní raibh moil a fuair maoiniú faoi ghlao 2021, ach nach raibh na hoibreacha curtha i gcrích go fóill, incháilithe do mhaoiniú i nglao 2022. San iomlán, leithdháil an Roinn maoiniú €5.1 milliún ar 81 iarratasóir.

**20.22** Maidir leis an dá ghlao maoinithe, spreag an Roinn iarratasóirí, i gcás inarb fhéidir, deiseanna a shainaithint chun tionscadail nó oibreacha den chineál céanna a sheachadadh feadh roinnt mol/BCPanna. Maidir le glao 2022, éilíodh ar iarratais ilmhol trí mhol nó BCP ar a laghad agus uasmhéid de chúig mhol nó BCP a áireamh. Leagtar amach na teorainneacha deontais a bhí i bhfeidhm do ghlao 2022 i Fíor 20.3.

1 B'éigean do mhoil chianoibre reatha a bheith i bhfeidhm ar feadh sé mhí ar a laghad, murar cuireadh cúinsí eisceachtúla in iúl don Roinn. Treoraíodh tionscadail a lorg maoiniú chun moil nua a thógáil nó foirgnimh thréigthe nó fholmha a athghiniúint mar mhoil iarratas a chur isteach faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte nó faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe.

2 Is láithreáin atá inrochtana don phobal iad BCPanna a roghnaigh údaráis áitiúla chun nascacht ardluais a fháil faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda i gceantair nach bhfuil seirbhísí leathanbhanda leordhóthanacha acu. Comhlánaíonn BCPanna na moil tríd an nascacht riachtanach a sholáthar do dhaoine le hoibriú ó láithreacha tuaithe. Tá roinnt mol comhshuite le BCPanna nó lonnaithe an-ghar dóibh.

**Fíor 20.3 Teorainneacha deontais do ghlao Moil Nasctha 2022**

| Líon na mol | Méid an deontais | |
|---|---|---|
| | Íosmhéid | Uasmhéid |
| Ceann amháin | €10,000 | €75,000 |
| Trí cinn | €30,000 | €200,000 |
| Ceithre cinn | €40,000 | €225,000 |
| Cúig cinn | €50,000 | €250,000 |

Foinse: An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta

### *Comhaontú maoinithe*

**20.23** Faoin dá ghlao, cuireadh maoiniú ar fáil do na faighteoirí in dhá thráinse. Eisíodh an chéad íocaíocht, arbh ionann í agus 80% den dámhachtain iomlán, nuair a sheol an faighteoir ar ais comhaontú maoinithe sínithe leis an Roinn. Bhí an 20% deiridh iníoctha nuair a fuarthas an doiciméadacht riachtanach maidir le críochnú an tionscadail.[1]

**20.24** Éilíodh ar mhoil tráchtála/bhrabúis cistiú meaitseála 10% a sholáthar mar ranníocaíocht airgid thirim. B'éigean do na moil sin ranníocaíocht ar leithligh a sholáthar freisin, ar a dtugtar 'díbhinn phobail', de luach 25% den deontas faofa thar trí bliana. D'fhéadfadh an díbhinn phobail a bheith i bhfoirm úsáid lascainithe nó saor in aisce na mol a thabhairt d'fhiontair shóisialta nó mic léinn ó phobail áitiúla.

**20.25** Éilíodh ar mhoil eile (is é sin le rá, na moil sin a aicmíodh mar mhoil fhiontar sóisialta nó sheachbhrabúsacha) cistiú meaitseála 10% a sholáthar, a raibh ranníocaíocht airgid thirim i gcás le leath de ar a laghad.

**20.26** Sonraíodh sa chomhaontú maoinithe go gcothódh príomhpháirtí an iarratais cuntas beacht maidir le luach aon chaiteachas caipitil nó eile a thabhaigh an tionscadal, agus cuntais ar leithligh i ndáil leis na cistí poiblí a soláthraíodh.[2] Déantar foráil sa chomhaontú go mbaileoidh an príomhpháirtí táscairí/ méadrachtaí maidir le seachadadh an tionscadail ar bhonn leanúnach, má iarrann an Roinn sin, agus na sonraí sin a chur ar fáil don Roinn.

**20.27** Roghnaigh an fhoireann imscrúdaithe sampla ionadaíoch de dheich mol cianoibre lena n-athbhreithniú, moil a fuair maoiniú faoi ghlao amháin nó an dá ghlao de Mhoil Nasctha in 2021 agus 2022.[3]

**20.28** I ngach cás, aimsíodh san imscrúdú gur sonraíodh san iarratas maoinithe a cuireadh isteach na hoibreacha a bhí le déanamh agus na costais a bhain leo go leordhóthanach; agus gur chuir an Roinn doiciméad meastóireachta sásúil i gcrích. Bhí comhaontú maoinithe sínithe freisin i ngach cás inar sonraíodh an t-uasmhéid maoinithe a leithdháileadh agus téarmaí agus coinníollacha an mhaoinithe.

1 D'éiligh an tuarascáil ar chríochnú an tionscadail ar fhaighteoirí mionsonraí a thabhairt maidir le gach sonrasc aonair a íocadh, ach ní raibh orthu na sonraisc a chur isteach. Tugadh treoir d'fhaighteoirí sonraisc a choinneáil ar taifead chun críocha cigireachta agus iniúchta.

2 Faoin gcomhaontú maoinithe, glacann an 'príomhpháirtí' leis an iarratais rathúil freagracht iomlán as iompar foriomlán an tionscadail go ginearálta agus go háirithe as comhlíonadh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha maoinithe a chinntiú. Ní mór d'aon pháirtí eile leis an iarratas rathúil, ar a dtugtar 'páirtithe comhlacha', an comhaontú maoinithe a shíniú freisin.

3 Léirigh an sampla meascán i dtéarmaí méideanna moil, cineálacha úinéireachta agus samhlacha oibriúcháin, a liostaítear in Iarscríbhinn 20A.

### *Rialuithe maidir le tabhairt chun críche maoinithe*

**20.29** Nuair a críochnaíodh an obair, b'éigean don phríomhpháirtí tuarascáil ar chríochnú an tionscadail a chur isteach ina raibh

- forbhreathnú ar an tionscadal
- liosta de na gnéithe tionscadail a seachadadh
- liosta d'uimhreacha sonraisc ábhartha
- deimhniú de chríochnú an tionscadail
- fianaise ghrianghrafadóireachta den chaoi ar cuireadh an maoiniú i bhfeidhm[1], agus
- costais deiridh an tionscadail.

**20.30** Bhí na sonraisc bhunaidh le coinneáil ag an bhfaighteoir chun críocha cigireachta agus iniúchta. Tugtar le fios sa chomhaontú maoinithe go bhfuil gach tionscadal faoi réir iniúchadh féideartha ag an Roinn, Seirbhís Iniúchóireachta an Rialtais Áitiúil, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó comhlachtaí eile a bhfuil an t-údarú cuí acu ar feadh tréimhse sé bliana ón dáta a críochnaíodh an tionscadal.

**20.31** I gcomhréir leis an gcomhaontú maoinithe, féadfaidh an Roinn nó a gníomhairí cuairteanna suímh a dhéanamh mar chuid dá feidhmeanna iniúchta agus comhlíontachta, agus d'fhéadfaí iad a dhéanamh gan réamhfhógra. Chuir an Roinn in iúl don fhoireann imscrúdaithe go ndearna sí 22 cuairt suímh i ndáil le glao 2021 le seiceáil go raibh na tionscadail ag dul ar aghaidh i gcomhréir le coinníollacha maoinithe. Ní dhearnadh cigireacht ar shonraisc, agus níor dearbhaíodh caiteachas tionscadail le linn na gcuairteanna sin.

**20.32** I ngach cás samplach a ndearnadh athbhreithniú orthu, dheimhnigh an fhoireann imscrúdaithe gur cuireadh tuarascáil ar chríochnú an tionscadail isteach ina raibh na gnéithe riachtanacha uile cé is moite d'eisceacht amháin. Níor cuireadh fianaise ghrianghrafadóireachta isteach leis an tuarascáil ar chríochnú an tionscadail le ceann amháin den sampla de dheich mol faoi ghlao 2021.

### *Meicníochtaí aisghlámtha*

**20.33** Leagtar amach sa chomhaontú maoinithe go bhfuiltear ag súil go dtosóidh agus go gcríochnóidh tionscadail i gcomhréir le hamlínte socraithe. Seachas sin, féadfaidh an Roinn an maoiniú a leithdháileadh a shaoradh i gcás nach gcríochnaítear an tionscadal laistigh den am sonraithe agus i gcás nach bhfuarthas comhaontú soiléir ón Roinn chun an comhaontú maoinithe a shíneadh roimh ré.

1 Cé gur fhan an fhaisnéis riachtanach mórán mar a chéile, d'athraigh formáid theimpléad na tuarascála ar chríochnú an tionscadail idir glaonna 2021 agus 2022. Luadh i dteimpléad 2021 nár cheart fianaise ghrianghrafadóireachta a cheangal mar aguisín. Níor sonraíodh i dteimpléad 2022 go raibh fianaise ghrianghrafadóireachta ag teastáil.

**20.34** Ní dheachaigh sé (as 118) thionscadal a faomhadh faoi ghlao 2021 agus dhá thionscadal (as 81) a faomhadh faoi ghlao 2022 ar aghaidh ar deireadh. Fuair an Roinn ar ais an maoiniú uile (€407,000) a chuir sí ar fáil i ndáil leis na tionscadail sin. Thug tionscadail ar ais €384,000 eile sa dá ghlao ar chúiseanna éagsúla m.sh. tháinig míreanna isteach faoi bhuiséad nó ní dheachaigh gnéithe den tionscadal ar aghaidh.

**20.35** Ón sampla de dheich mol a roghnaíodh lena n-athbhreithniú, thug an fhoireann imscrúdaithe faoi deara cás amháin inar chuir an Roinn an príomhpháirtí, údarás áitiúil, ar an eolas, go dtarraingeofaí siar maoiniú deontais. Bhí an láithreán atá i gceist san áireamh mar phríomhghné d'iarratas ar ilmhol le sé láthair. Rinneadh tiomantas €250,000 i maoiniú deontais faoi ghlao 2021 mar thoradh ar an iarratas, agus an tionscadal le bheith críochnaithe faoi dheireadh mhí na Nollag 2021.[1]

**20.36** Is cosúil go n-imíonn an t-iarratas ilmhol ar roinnt bealaí ón méid a mbeifí ag súil leis faoin scéim.

- Mar gheall ar shainrogha na Roinne go mbeadh tionscadail nó oibreacha den chineál céanna in iarratais ar ilmhol, d'fhéadfaí a bheith ag súil go mbeadh an briseadh síos costais idir na moil/BCPanna mar a chéile a bheag nó a mhór. Go deimhin, b'ionann an láithreán a roghnaigh an fhoireann imscrúdaithe agus €220,000 (73%) den chostas iomlán €302,000 maidir leis na sé mhol.[2]
- Cé go bhfuil na hoibreacha ag na cúig mhol/BCP eile laistigh den iarratas réasúnta beag (m.sh. troscán, landairí, trealamh closamhairc, crua-earraí TF srl.), bhíothas ag súil le hobair thógála shuntasach ag an láithreán a roghnaigh an fhoireann imscrúdaithe.

**20.37** Dúirt an Roinn nár chuir coinníollacha na scéime maoinithe bac ar iarratas ilmhol a ualú go i bhfabhar mol/BCP amháin. Dúirt sí gur glacadh an cinneadh chun an tionscadal seo a mhaoiniú le haird chuí ar an tairbhe a bheadh ag baint leis don cheantar tuaithe seo atá thar a bheith iargúlta agus faoi mhíbhuntáiste san Iarthuaisceart.

**20.38** I gcomhréir leis na socruithe íocaíochta caighdeánacha, d'íoc an Roinn 80% (€200,000) den mhaoiniú foriomlán d'ilmhol i mí Lúnasa 2021, nuair a fuarthas an comhaontú maoinithe sínithe, agus bhí an 20% eile (€50,000) dlite ar chríochnú an tionscadail. Áiríodh an méid seo a leanas ar mhonatóireacht na Roinne ar sheachadadh an tionscadail.

- Dúirt an Roinn go ndearna sí cuairteanna láithreáin chuig trí cinn de na sé láithreán (an príomhláithreán san áireamh) sa tionscadal ilmhol an 5 Samhain 2021. Ach, dúirt sí nár ullmhaigh na hoifigigh a rinne na cuairteanna aon tuarascáil.
- I dtuarascáil um dhul chun cinn a seoladh chuig an Roinn i mí na Samhna 2021, thuairiscigh an t-údarás áitiúil go raibh an tionscadal foriomlán ilmhol 25% críochnaithe. Ba é an dáta críochnaithe measta ag an am sin deireadh mhí an Mhárta 2022. D'aontaigh an Roinn chun dáta críochnaithe an tionscadail a chur siar go dtí an 31 Márta 2022.
- I mí an Mhárta 2022, chuir an t-údarás áitiúil an Roinn ar an eolas nár caitheadh aon chuid den mhaoiniú a fuarthas don phríomhláithreán sa tionscadal agus nach mbeadh gné mhór den obair ag an láithreán sin

1 Ceithre láithreán BCP agus mol cianoibre amháin a bhí sna gnéithe eile den iarratas ilmhol.

2 Faomhadh deontas €250,000 de chostas €302,000 an tionscadail faoi ghlao 2021. Bhí an chuid eile de chostas an tionscadail le clúdach ag an bpríomhpháirtí (an t-údarás áitiúil) agus ag an bpáirtí comhlach (Údarás na Gaeltachta).

críochnaithe faoi dheireadh mhí an Mhárta 2022. Mhéadaigh an costas measta foriomlán freisin don láithreán go suntasach (ó €220,000 go dtí beagnach €350,000) – thug an t-údarás áitiúil agus Údarás na Gaeltachta (páirtí comhlach don tionscadal) gealltanas chun an caiteachas breise a mhaoiniú.

- Mar fhreagra, chuir an Roinn an t-údarás áitiúil ar an eolas go raibh sí chun maoiniú a tharraingt siar maidir leis an láithreán a bhí i gceist, toisc nár thosaigh an tionscadal agus nach mbeadh sé críochnaithe in am ná laistigh den bhuiséad. D'iarr an Roinn ag an am céanna go n-aisíocfaí an maoiniú 80% a cuireadh ar fáil cheana.
- I mí Bealtaine 2022, tar éis aighneachtaí ón údarás áitiúil agus ó Údarás na Gaeltachta, d'aontaigh an Roinn an maoiniú a chur ar ais agus dáta críochnaithe an tionscadail a shíneadh maidir leis an láithreán a bhí i gceist chuig an 31 Nollaig 2022. Cuireadh an tionscadal i gcrích roimh an spriocdháta sínithe sin. Ghlac an t-údarás áitiúil agus Údarás na Gaeltachta araon freagracht as an easnamh sa mhaoiniú foriomlán.

**20.39** Ar cheann de na coinníollacha sa chomhaontú maoinithe a shínigh an t-údarás áitiúil agus na páirtithe comhlacha bhí an coinníoll gur ghá don fhaighteoir gealltanas a thabhairt maidir le ballraíocht sa líonra Moil Nasctha ar feadh íostréimhse trí bliana tar éis eisiúint na híocaíochta deiridh. Ach, nuair a rinneadh imscrúdú ar an láithreán a bhí i gceist níor cuireadh leis an líonra é nuair a críochnaíodh é. Cuireadh leis an líonra é i mí Lúnasa 2025.

### *Rialuithe chun maoiniú dúbailte a sheachaint*

**20.40** Toisc go bhféadfadh maoiniú chun áiseanna cianoibre a fhorbairt bheith ar fáil faoi roinnt scéimeanna, tá sé tábhachtach go gcuirfeadh an Roinn rialuithe i bhfeidhm chun maoiniú dúbailte a sheachaint.

**20.41** Is cosúil go bhfuil riosca ar leith forluí ann idir an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhaile agus an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe, mar go mbaineann an dá cheann le bailte agus sráidbhailte ina bhfuil daonra níos lú ná 10,000.

**20.42** Luaitear sa chomhaontú maoinithe don dá ghlao Moil Nasctha go bhfuil príomhpháirtí an iarratais go hiomlán freagrach as a chinntiú nach bhfaigheann tionscadal maoiniú dúbailte m.sh. ní féidir costais a bhaineann leis an ngníomhaíocht (nó forbairt) chéanna a mhaoiniú faoi dhó ó aon fhoinse, bíodh sí poiblí nó príobháideach. Is gá aon mhaoiniú a fhaightear sna cúinsí sin a aisíoc leis an Roinn.

**20.43** Dúirt an Roinn go bhfuil roinnt rialuithe curtha i bhfeidhm aici chun an riosca a bhaineann le maoiniú dúbailte thar na scéimeanna a mhaolú lena n-áirítear an méid seo a leanas

- a cheangal ar fhaighteoirí deontais cuntais ar leithligh a choinneáil maidir le cláir mhaoinithe éagsúla
- cóipeanna de shonraisc agus íocaíochtaí i ndáil le caiteachas maoinithe a éileamh
- monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh théarmaí na gcomhaontuithe maoinithe.

Ina theannta sin, dúirt an Roinn go n-áirítear i raon feidhme iniúchtaí agus cigireachtaí seiceálacha fíordheimhnithe lena chinntiú nár tharla maoiniú dúbailte.

*Cuspóir an mhaoinithe*

**20.44** Dúradh sna comhaontuithe maoinithe go bhfuil na cistí a leithdháiltear le húsáid ar na gníomhaíochtaí a leagtar amach i dtogra an tionscadail amháin. Mura mbíonn caiteachas i gcomhréir leis na críocha a bhí i gceist, beidh an maoiniú uile a fuarthas in-aisíoctha leis an Roinn.

**20.45** Go ginearálta, sonraíodh sna glaonna in 2021 agus in 2022 go bhféadfadh aisghlámadh páirteach nó iomlán íocaíochtaí deontais a bheith de thoradh ar neamhchomhlíontacht na gcoinníollacha maoinithe.

*Seiceálacha iarmhaoinithe ar thionscadail*

**20.46** Cheangail na comhaontuithe maoinithe faoin dá ghlao freisin ar fhaighteoirí a struchtúr agus cuspóir dlíthiúil a chothabháil mar a leagtar amach ina ndoiciméad rialachais agus chun gealltanas a thabhairt maidir le ballraíocht sa líonra Moil Nasctha ar feadh trí bliana ar a laghad tar éis an maoiniú a fháil. Seachas sin, b’fhéidir go mbeadh gá an maoiniú a aisíoc.

**20.47** Dúirt an Roinn gur fhíordheimhnigh sí comhlíontacht maidir le coinníollacha maoinithe trí mheascán d’athbhreithnithe deascbhunaithe agus cigireachtaí ar an láthair. Dúirt sí go ndearnadh athbhreithnithe deascbhunaithe i ndáil le 112 tionscadal a cuireadh i gcrích faoi ghlao 2021 agus na 79 tionscadal uile a cuireadh i gcrích faoi ghlao 2022. Níor tharla aon chigireachtaí láithreáin iarmhaoinithe i ndáil le ceann ar bith de na tionscadail a maoiníodh faoi ghlao 2021. Rinne Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne cúig chuairt láithreáin chuig tionscadail arna maoiniú faoi ghlao 2022.

**20.48** Tá Aonad Iniúchta, Comhlíontachta agus Forbartha Gnó na Roinne freagrach as iniúchadh ar scéimeanna náisiúnta.[1] Déantar foráil i bplean cigireachta an Aonaid le haghaidh 2024 – 2026 le haghaidh cigireachtaí thar raon scéihmeanna lena n-áirítear Moil Nasctha, an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte agus an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe. Tugtar faoi deara sa phlean go dtabharfar tosaíocht do chigireachtaí LEADER i gcónaí de bharr riachtanas rialála AE maidir le spotseiceálacha ar an gclár sin.

**20.49** Faoi phlean 2024 – 2026, bhí cigireachtaí ar Mhoil Nasctha sceidealta le tarlú le linn ráithe 1 de 2025. Dúirt an Roinn go bhfuil athbhreithniú an Aonaid ar ghlao maoinithe Moil Nasctha ag an gcéad chéim scópála. Reáchtáladh na chéad chigireachtaí láithreáin le linn mhí Lúnasa 2025 mar chuid den ghníomh scópála.

**20.50** Níor tugadh le fios i gceann ar bith den sampla de dheich mol ar tugadh cuairt orthu mar chuid den imscrúdú seo go raibh siad faoi réir iniúchta nó cuairt láithreáin ón Roinn nó aon eintiteas eile chun a gcomhlíontacht leanúnach maidir le coinníollacha scéime a sheiceáil.

1 Bunaíodh an tAonad Iniúchta, Comhlíontachta agus Forbartha Gnó in 2017. Ionchorpraíodh an chigireacht ar Mhoil Nasctha i bplean cigireachta an Aonaid in Aibreán 2024.

### *Tuarascáil ar iniúchadh inmheánach*

**20.51** Rinne an fhoireann imscrúdaithe athbhreithniú ar thorthaí i dtuarascáil 2023 ó Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne a bhain le glao maoinithe Moil Nasctha 2022, ina ndearnadh measúnú ar leordhóthanacht na rialuithe a chuir an Roinn i bhfeidhm. Rinne iniúchóirí inmheánacha athbhreithniú ar chúig iarratas a fuair maoiniú – dhá iarratas ilmhol agus trí cinn ar mhoil aonair.

**20.52** Cinneadh sa tuarascáil go raibh doiciméadacht an tionscadail sásúil go ginearálta ach tugadh faoi deara ann go raibh riosca maidir le maoiniú dúbailte maidir le ceann amháin den chúig thionscadal. Cé gur riachtanas sonrach den chomhaontú maoinithe a bhí ann, níor choinnigh an faighteoir cuntas ar leithligh den chaoi ar cuireadh maoiniú na Roinne i bhfeidhm. Mhol na hiniúchóirí inmheánacha go ndéanfadh an Roinn teagmháil le comhlacht maoinithe sonrach eile lena bhunú cé acu ar faomhadh nó nár faomhadh deontas don tionscadal céanna. Ina dhiaidh sin, dheimhnigh an Roinn go ndearna sí teagmháil leis an gcomhlacht maoinithe eile agus go raibh sí sásta nár tharla aon mhaoiniú dúbailte.

**20.53** Sa tuarascáil ar iniúchadh inmheánach fuarthas amach maidir le ceithre thionscadal as cúig cinn a ndearnadh athbhreithniú orthu, gur tharla roinnt den chaiteachas tar éis spriocdháta na scéime.[1] Moladh sa tuarascáil gur cheart don Roinn machnamh a dhéanamh ar ghníomh a ghlacadh chun an deontas uile nó cuid de a aisghabháil sna cásanna sin. Mar sin féin, ba í conclúid fhoriomlán na tuarascála ar an tsaincheist seo gur cosúil go raibh na hamlínte a socraíodh don ghlao maoinithe róchung. Mar gheall nár faomhadh na hiarratais ach i Meitheamh 2022, bhí níos lú ná sé mhí ag deontaithe chun soláthróirí a roghnú, na hoibreacha uile a dhéanamh, sonraisc a íoc, agus áiseanna a choimisiúnú.

**20.54** Chuir an Roinn an fhoireann imscrúdaithe ar an eolas go ndearna sí athbhreithniú ar an maoiniú deontais i ngach ceann den cheithre chás ar tharraing na hiniúchóirí inmheánacha aird orthu. Ag eascairt as an athbhreithniú sin, tá sí anois ag lorg €39,305 ar ais anois ó údarás áitiúil amháin. Níor thug an Roinn faoi aon ghníomh níos leithne chun a sheiceáil cé acu a bhí dátaí íocaíochta na sonrasc le haghaidh an 74 tionscadal a bhí fágtha lasmuigh de spriocdhátaí na scéime nó nach raibh.

**20.55** Mar fhreagra ar mholadh ar leith sa tuarascáil ar iniúchadh inmheánach, d’aontaigh an Roinn gur cheart di in aon leaganacha eile sa todhchaí de na glaonna maoinithe ar Mhoil Nasctha, gur cheart di cóipeanna a fháil de shonraisc ó fhaighteoirí deontais sula ndéanfadh sí na híocaíochtaí deiridh.

## Conclúidí

**20.56** Tá sé de sprioc ag an Roinn líonra náisiúnta de 400 mol cianoibre a bhunú faoi dheireadh 2025. Faoi láthair, tá 392 mol cláraithe ar an líonra de Mhoil Nasctha. Ina measc sin tá 26 mol gteic a chuireann saoráidí cianoibre agus saoráidí eile ar fáil do dhaoine a chónaíonn agus/nó a oibríonn sa Ghaeltacht.

1 Bhí sé mar choinníoll de mhaoiniú do thionscadail faoi Mhoil Nasctha 2022 go gcaithfeadh tionscadail a bheith go hiomlán comhlíontach leis na tuarascálacha deiridh a cuireadh isteach faoin 2 Nollaig 2022. Le go measfar go mbeidh tionscadal iomlán críochnaithe, b’éigean do gach sonrasc a bheith íoctha.

**20.57** Tairgeann ardán ar líne (connectedhubs.ie) atá á bhainistiú ag Coimisiún Forbartha an Iarthair príomhthairseach d'úsáideoirí chun raon seirbhísí cianoibre a chuardach, a chur in áirithe agus íoc astu i moil ar an líonra. Mar sin féin, ní bhaineann cuid mhór de na moil leas as an ardán i gcomhair áirithintí. I gcás daoine a úsáideann an t-ardán, ní thugann an Coimisiún tuairisc ar an méid seirbhísí a chuirtear in áirithe tríd an ardán le haghaidh moil aonair. Ina theannta sin, is iondúil le baill na mol glacadh le háirithintí díreacha, agus ní thaifeadtar iad sin i gcónaí ar an ardán. Dá bharr sin, ní féidir a dhéanamh amach cén úsáid atáthar á baint as an líonra mol, nó cén bhaint atá aige sin leis an leibhéal maoinithe phoiblí a chuirtear ar fáil dóibh.

### *Coinníollacha maoinithe*

**20.58** Teastaíonn creat stuama chun a chinntiú go soláthraítear an maoiniú le haghaidh críocha sainithe lena ngabhann coinníollacha soiléire; go seachnaítear maoiniú dúbailte; go gcuirtear seiceálacha éifeachtacha i bhfeidhm tar éis tionscadail; agus go bhfuil cosaintí i bhfeidhm chun cosaint a thabhairt do mhaoiniú an Stáit.

**20.59** Fuair an fhoireann imscrúdaithe amach go raibh cuspóir soiléir ag gach ceann de scéimeanna na Roinne a thacaíonn le forbairt na saoráidí cianoibre, chomh maith le rialacha incháilitheachta agus coinníollacha maoinithe. Fuarthas go raibh an doiciméadúchán tionscadail in ord tríd is tríd sa sampla de dheich mol a ndearnadh athbhreithniú orthu, cé gur tugadh ar aird i gcás amháin go raibh fianaise ghrianghrafadóireachta ag teastáil maidir le cur i gcrích tionscadail agus nár cuireadh an fhianaise sin isteach.

**20.60** Bhí ceanglais sna comhaontuithe maoinithe a síníodh le haghaidh na nglaonna maidir le Moil Nasctha in 2021 agus 2022, ceanglais chun maoiniú dúbailte a sheachaint agus bhí coinníollacha iontu a bhí le comhlíonadh (m.sh. ballraíocht líonra na Mol Nasctha, gan aon athrú a chur ar struchtúr agus cuspóir dlí) ar feadh trí bliana tar éis do thionscadal a bheith tugtha i gcrích.

**20.61** Is beag fianaise a fuair an fhoireann imscrúdaithe go ndearna an Roinn seiceálacha ar cé acu ar lean faighteoirí maoinithe ag comhlíonadh na gcoinníollacha incháilitheachta tar éis tionscadal a chur i gcrích nó nár lean. Fuair an fhoireann imscrúdaithe amach i gcás láithreán amháin a tugadh chun críche in 2022 agus a fuair deontas suntasach agus maoiniú poiblí eile, nár cuireadh é sin leis an líonra nuair a cuireadh i gcrích é. Tar éis fiosruithe ón imscrúdú, cuireadh an láithreán le líonra na Mol Nasctha i mí Lúnasa 2025.

**20.62** Sonraíodh sna coinníollacha maoinithe le haghaidh glaonna na Mol Nasctha roinnt cásanna féideartha faoina bhféadfaí maoiniú a shaoradh/aisíoc leis an Roinn m.sh. murar cuireadh tionscadail i gcrích in am nó i gcás nár soláthraíodh airgead chun an maoiniú a deonaíodh a mheaitseáil. Ar an iomlán, aisíocadh €791,000 leis an Roinn thar an dá ghlao i gcásanna nach ndeachaigh tionscadail ar aghaidh ina n-iomláine nó nach raibh ach cuid díobh déanta, nó i gcás ina raibh míreanna faoi bhun an bhuiséid.

**20.63** In iarratas amháin a bhain le hilmhol faoi ghlao 2021 a ndearna an fhoireann imscrúdaithe athbhreithniú air, ba chosúil gur imíodh ar fad ó rún ginearálta na scéime. Sa ghlao ar thograí spreagadh iarratasóirí chun deiseanna a aithint chun oibreacha den chineál céanna a chuimsiú laistigh den iarratas céanna. Mar sin féin, bhí na hoibreacha ag láithreán amháin ar scála i bhfad níos mó ná mar a bhí na cinn ag na láithreáin eile laistigh den iarratas ilmhol. Bhí an deontas a ceadaíodh don mhol sin laistigh den leithdháileadh maoinithe foriomlán i bhfad níos mó ná an t-uasmhéid a chuirfí i bhfeidhm dá gcuirfí iarratas isteach maidir leis an láthair sin amháin. Mar fhreagra, dúirt an Roinn nár chuir coinníollacha na scéime maoinithe bac ar iarratas ilmhol a ualú go substaintiúil i bhfabhar mol amháin.

### *Iniúchadh inmheánach*

**20.64** Fuarthas amach in iniúchadh inmheánach 2023 maidir le ceithre iarratas as cúig cinn a ndearnadh athbhreithniú orthu, gur tharla roinnt den chaiteachas tar éis spriocdháta na scéime. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil ar iniúchadh inmheánach go raibh an chuma air go raibh na tréimhsí ama a bhí leagtha síos ag an Roinn don scéim róchúng. Tar éis don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar an maoiniú deontais a tugadh sna ceithre thionscadal, tá sí ag lorg €39,305 ar ais anois ó údarás áitiúil amháin. Níor thug an Roinn faoi aon ghníomh níos leithne chun a sheiceáil cíbe an raibh dátaí íocaíochta na sonrasc le haghaidh an 74 tionscadal a bhí fágtha lasmuigh de spriocdhátaí na scéime nó nach raibh.

**20.65** Mar fhreagra ar mholadh ar leith sa tuarascáil ar iniúchadh inmheánach, d’aontaigh an Roinn gur cheart di in aon leaganacha eile sa todhchaí den ghlao ar Mhoil Nasctha, cóipeanna a fháil de shonraisc ó fhaighteoirí deontais sula ndéanfadh sí na híocaíochtaí deiridh.

## Iarscríbhinn 20A Rátaí do na moil chianoibre

| Mol | Rátaí le haghaidh deasc shealaíochta[a] | | | Nótaí |
|---|---|---|---|---|
| | *Lá* | *Seachtain* | *Mí* | |
| Mol Digiteach Mhuinchille, Co. an Chabháin | €24.39 | N/B | N/B | Is féidir cochaill phríobháideacha a chur in áirithe ar €24.39 in aghaidh an lae. |
| Ionad Leictreonach Mhainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí | €15 | €50 | €200 | Tá seomra cruinnithe do cheathrar ar fáil d'úsáideoirí na ndeasc sealaíochta gan aon chostas breise. |
| gteic Ghaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall | €15 | €45 | €150 | Tá rogha rátaí eile don deasc shealaíochta ar fáil m.sh. deich lá thar thréimhse dhá mhí, €120.<br>Tá seomraí cruinnithe, idir bheag is mhór, ar fáil d'úsáideoirí na ndeasc sealaíochta gan aon chostas breise. |
| gteic Mhálainn Bhig, Co. Dhún na nGall | €18 | N/B | €200 | Is féidir seomra cruinnithe amháin do dháréag agus seomra cruinnithe eile do 30 duine a chur in áirithe ar €20 an ceann in aghaidh na huaire. |
| *M-Space*, Mullach Íde, Co. Bhaile Átha Cliath | €35 | N/B | N/B | Tá rogha rátaí eile don deasc shealaíochta ar fáil m.sh. ceithre phas lae in aghaidh na míosa ar €132 nó ocht bpas lae in aghaidh na míosa ar €256.<br>Is féidir seomra cruinnithe do cheathrar a chur in áirithe ar feadh 90 nóiméad (€50), leathlá (€95) nó lá iomlán (€155). |
| *Venture House*, Baile an Chrócaigh, Co. Chill Dara | €12.20 | N/B | N/B | Tá rátaí laethúla ar fáil freisin le haghaidh deasca tiomnaithe (€20.33) agus cochaill phríobháideacha (€28.46).<br>Is féidir seomraí cruinnithe, idir bheag is mhór, a chur in áirithe ar chostas suas le €150 in aghaidh an lae. |
| *Manor Fields*, Áth Dara, Co. Luimnigh | €16.26 | €65.04[b] | N/B | Is féidir deasca tiomnaithe bliantúla a chur in áirithe ar íocaíocht mhíosúil athfhillteach de €152.44.<br>Is féidir seomra cruinnithe do dháréag a chur in áirithe ar chostas €30 in aghaidh na huaire. |
| Halla Pobail Mhuine Gall, Co. Uíbh Fhailí | €12.20 | N/B | N/B | Is féidir seomra cruinnithe/cochall staidéir do bheirt a chur in áirithe ar chostas €10 in aghaidh na huaire. |
| *The Spool Factory*, Mainistir na Búille, Co. Ros Comáin | €20.33 | N/B | N/B | Is féidir deasca tiomnaithe a chur in áirithe freisin ar chostas €20.33 in aghaidh an lae. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | Is féidir seomraí cruinnithe, idir bheag is mhór, a chur in áirithe ar chostas suas le €90 in aghaidh an lae. |
| Mol Oibre Comhionaid ACT, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí | €12.20 | €48.78 | €178.86 | Is féidir seomraí cruinnithe, idir bheag is mhór, a chur in áirithe ar chostas suas le €120 in aghaidh an lae. |

Foinse: Ardán ar líne na Mol Nasctha (Connectedhubs.ie), cruinn amhail an 19 Meán Fómhair 2025

Nótaí: a Níl CBL san áireamh sna rátaí atá luaite. Cuireann N/B in iúl nárbh ann do ráta don tréimhse ama ábhartha atá luaite ar shuíomh Connectedhubs.ie.

b Tagraíonn an ráta seachtainiúil a thaispeántar do Mhol *Manor Fields* do phas solúbtha cúig lá is féidir a úsáid ar chúig lá ar bith. Ní gá do na laethanta a bheith as a chéile.